# Níl aon tinteán mar do thinteán féin

D’oscail mé siúl amháin. Scata ógánach a bhí os mo chomhair amach, cannaí ina lámha acu. Tháinig ógánach amháin suas chugam. Bhí boladh tabaic uaidh. ‘Faigh post agus eírigh as an ngearán’ arsa an t-ógánach. Tharraing sé cic orm agus thosaigh a chairde ag gáire. Tháinig ógánach eile suas chugam. Scaird sé a bheoir anuas orm. Bhí mé fluich báite agus anois bhí boladh beorach uaim freisin. Ní raibh mé sásta. Sheas mé suas ‘Lig dom!’ a dúirt mé leo. Nior éist siad liom. Scaoil duine acu seile liom. Lig mé scread asam. Rinne mé iarracht breith ar cheann acu ach rith siad ar nós na gaoithe.

Bhí mé fliuch, fuar agus ní raibh aon dídean agam. Codarsnacht ollmhór a bhí ann i gcomparáid le mo shaol cupla mí ó shin!

Is cuimhin liom an lá gur tháinig sé isteach sa teach. Chuaigh pian géar eile tríd mo cheann an uair seo. B’shin a tharla gach uair gur smaoinigh mé faoi. Bhí mo shaol ar fheabhas sular tharla an timpiste uafásach sin. Bhí m’athair ag teacht abhaile ar an mbus lá amháin. Tháinig fear ina threo. D’fhiafraigh sé de m’athair an raibh toitín aige. Níor chaith m’athair agus dúirt sé sin leis.Chas an fear ait timpeall. Thóg sé amach scian. Lig m’athair scread as ach bhí sé ró-dhéanach. Sáitheadh é agus fuair sé bás go gairid ina dhiaidh. Bhí mé féin agus mo mhatháir fagtha linn féin. Ón lá sin ar aghaidh ba in olcas a bhí cúrsaí scoile ag dul. Thosaigh mé ag caitheamh agus bhí mé i gconaí i dtrioblóid leis na ngardaí. Fuair mo mhatháir buachaill chara nua. Bhí an ghráin agam air agus bhí an ghráin aige orm-sa chomh maith. Bhíomar ag troid an t-am ar fad. Lá amháin tháinig mé abhaile ón scoil agus ní raibh duine ná deoraí sa teach. Bhí nóta ar an mbord. Léigh mé é. 'Tá muid imithe go dtí an Spáinn. Beidh conaí orainn ansin as seo amach. Dhíol muid an teach agus tá tú leat féin anois. D'fhág mé airgead sa bhanc duit.

Maim

Bhí mé trína céille. Cén fáth gur fhág sí ?  Conas ar imigh sí chomh tapa?  Bhí cúpla líne eile ar an taobh eile don nóta. Léigh mé na línte. 'Bhí a fhios agam go mbeadh an bua agam ar deireadh. Go n-eirí leat i d'aonair!!

Do 'chara', Pól.'

Bhí mé ar buile. Cén fáth nach ndeachaigh sé ina aonar. Cad a

dheanfainn? Cá raibh mé chun conaí? Ní raibh pingin rua agam. Ceart go leor bhí airgead agam sa bhanc ach chonas a d'fhéadfainn é a fháil? Ní raibh gaolta ar bith agam. Bhí mé i m'aonar.

Bhí an chéad seachtain an-dian. Bhí orm codladh i ndoirsí siopaí. Bhí mé préachta leis an bhfuacht chuile oíche.

Taréis tamaill rinne mé cara nua. Seámus ab ainm dó. Bhí sé 25 bhliain d'aois. Dídeánaí eile ba ea Seámus. Ach bhí fadhb aige -  alcólach ab ea é agus lá amháin theip ar a ae agus fritheadh marbh é i gCearnóg Pharnell. Bhí mé croí bhriste. Tamall tar éis a bháis thosaigh mé ag togáil drugaí. .....

Dhúisigh mé go tobann. Chuala mé torann na tráchta agus d'fhéach mé timpeall. Chuir mé mo lamha i mo phóca agus thóg mé amach mo chuid airgid - 29 cent! Bhí ocras an domhain orm. Níor ith mé inné ar chor ar bith. Shuígh mé síos lasmuigh de Spar.  Lorgoinn déirce! Sea – lorgoinn déirce. Shuigh mé ar feadh dhá uair agus fuair mé sé euro. Cheannaigh mé ceapaire agus paca brioscaí. Bhí boladh beorach fós uaim ón eachtra uafásach a bhí agam aréir. Cheannaigh mé canna Lynx leis an mboladh a cheansú. Anois bhí bia agam agus bhí boladh níos fearr uaim!  Chuaigh mé go dtí an pháirc chun mo bhia a ithe agus chomh maith le sin bhí sconna uisce ann. Bheinn in ann deoch a fháil ansin. Bhí an ghrian ag lonradh go h-ard sa spéir. Bhí rudaí ag dul i bhfeabhas b'fhéidir.

Tar éis mo bhéile a chaitheamh chuaigh mé ag siúl. Agus mé ag siúl agus ag brionglóidí labhair bean liom – guth an-bhog aici agus í ag caoineadh. Rith an bhean chugam agus thug sí barróg ollmhór dom. D'aithin mé an guth. Bhí mé reoite don gcasán gan ar mo chumas bogadh. Mo mhatháir a bhí ag ansin. Bhí a lán ceisteanna agam di. 'Cá raibh tú go dtí seo? Conas go raibh tú in ann mé a fhagáil ar feadh na bliana seo? Mhínigh sí gach rud dom. Dúirt sí nach raibh rogha aici, go raibh sí faoi gheasa Phóil ag an am. Dúirt sí go raibh sí féin agus Pól scartha anois agus go mbeadh gach rud ceart go leor as seo amach. Nach orm a bhí an gliondar! Chuaigh mé ar ais go teach mo mháthar. Dúirt sí liom go raibh buairt aigne uirthí ón lá a d'imigh sí agus ba fhaoiseamh di a bheith thar nais.

Tar éis míosa bhí mo shaol ar ais mar ba ghnáthach ach cinnte bhí tuairim dhifriúl agam ar dhídeanaíthe na cathrach anois. Aon uair a fheicim dídeánaí labhraím leis mar gur cuimhin liom an gliondar croí a bhíodh orm nuair a stopfadh duine éigin chun cainte liom. Is cinnte go bhfuil scéal truamhéalach ag gach duine acu.

Eoghan Lysaght